# Glór

BUANÚ AGUS NEARTÚ NA GAEILGE SAN IARTHUAISCIRT

**Eagrán 008** **Samhain 2022**




Thug muid urraíocht do chuairt club óige Ionad Naomh Pádraig, Dobhair go Feirm Peataí an Earagail le Santa a fheiceáil ansin ar na mallaibh. Tá moladh mór tuillte ag na ceannairí uilig a chuidigh amach ar an lá agus tríd an bhliain uilig. Tá súil againn gur bhain na páistí sult mór as an lá!



Comhghairdeas leis na gnólachtaí uilig agus go háirithe na gnólachtaí sa cheantar seo a bhain gradam ag searmanas Gradam Gnó na hÉireann i Halla na Cathrach, Bhaile Átha Cliath le gairid. Moladh mhór dóibh go léir!




Ba mhaith linn comhghairdeas mór a ghabháil ar Aoibhín Ní Dhéagha chomh maith a bhain gradam mar Fiontraí Óg na Bliana chomh maith. Tá moladh mhór tuillte aici!



Thug muid urraíocht do grúpai Tuistí agus Tachráin Chnoc Fola le cuairt a thabhairt ar Daidí na Nollag ar na mallaibh! Tá súil againn gur bhain na páistí uilig sult mhór as an ócáíd!



Saothar ealaíne úr in airde ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Chruthaigh Locky Marris an saothar ealaíne seo a dhéanann comóradh ar stair an Eastáit Tionsclaíoch, an stair eacnamaíoch agus cultúrtha a bhaineann le Gaeltacht an Iarthuaiscirt. I gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta, bhaistigh an phobal Stucaí an Screabáin ar an saothar.Rinne an Iar-Chathaoirleach Anna Ní Ghallachóir iad a sheoladh go hoifigiúil ansin ar na mallaibh. Comhghairdeas le achan duine a bhí bainteach leis!



## Ranganna Gaeilge á mhaoiniú ag Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt

### Eolas

- **Áislann Rann na Feirste**
  Ard rang achan Dé Céadaoine 9:30 - 12:30
  Bun rang ar líne Teagmháil - 0749562222
- **Ionad Naomh Pádraig Dobhair**
  Dé Máirt 10:00 - 12:00 (Meascán Léibhealacha)
  Saor in aisce Teagmháil - 074 9532949
- **Muintearas**
  Bun rang + méan rang achan Déardaoin 11 - 12:30
  Teagmháil - 0749532578
- **Ionad Pobail Chnoc Fola**
  Bun rang achan Dé Máirt 11- 12
  Teagmháil - 0879291953
- **An Crannóg**
  Achan Dé Luain 8-9 (Meascán léibhéalacha)
  Teagmháil - 0749532208

## Cur aithne ar Danny




**Ainm**: Danny Mac an Bhaird
**Post:** Ag obair le Better Letter Signs

**Caitheamh aimseartha:** Peil gaelach agus iascaireacht

**Bia:** Pasta agus kebabs ó Midnight

**Deoch:** Vlade (Vodka Lucozade)

**Scannán:** Top Gun

**Clár Teilifíse:** Outer Banks

**Gréasán sóisialta:** Instagram

**Meáin shóisialta:** @dannyward

**Bainisteoir is fearr:** Owenie Mac Gairbheith

**Marcálaí is deacra:** Ronan Heffernan

**Comhairle is fearr a fuair tú mar imreoir:** Níl an bál ar thine

**Buaicphointe do shaol ag imirt peile:** Ag baint sraith mionúr Roinn 1

**Rud is fearr faoi ag imirt peile:** Ag baint agus an craic

**Rud is measa faoi ag imirt peile:** Gortuithe agus toirmeasc ar ól

**Laoch:** Cristiano Ronaldo


**Oíche amuigh:** Sharkey's Bar agus Club Heaven

**Cuireadh chuig cóisir:** Michael Jordan, Stone Cold Steve Austin agus Luke Combs

**Laethanta saoire:** Albufeira

**Mana saoil:** Ná glac an saol chomh dáiríre




**Mol an óige agus tiocfaidh sí**


Meitheal Pleánála Teanga an Iarthuaiscirt,
An Crannóg,
Srath na Corcra,
Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall


**Labhair í agus mairfidh sí!**